Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2024**
**(OR. fr)**

**10689/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0132(NLE)**

**PECHE 221**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Meitheamh 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 234 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal (2024-2029) ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 234 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 234 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2024
COM(2024) 234 final

2024/0132 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal (2024-2029) ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (CCI) idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde an 12 Feabhra 2007 agus tháinig sé i bhfeidhm an 30 Márta 2007 ar feadh tréimhse 5 bliana. Tá an Comhaontú in-athnuaite go hintuigthe, agus dá bhrí sin tá sé fós i bhfeidhm. Bhí Prótacal Cur Chun Feidhme cúig bliana de chuid CCI ann roimhe sin, tháinig sé i bhfeidhm an 20 Bealtaine 2019 agus chuaigh sé in éag an 19 Bealtaine 2024.

An 19 Nollaig 2023, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh Prótacal nua (‘an Prótacal nua’) a ghabhann le CCI.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha[1], chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le Cabo Verde maidir le Prótacal nua cur chun feidhme CCI idir an Comhphobal Eorpach agus Cabo Verde a thabhairt i gcrích. Is é is cuspóir dó ceadú do shoithí an Aontais rochtain a fháil ar limistéar iascaireachta Cabo Verde agus tuinníní agus speicis ghaolmhara a iascach ansin, agus bearta arna nglacadh ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní an Atlantaigh a Chaomhnú (CITAC) á n-urramú. De thoradh na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha le téacs nua den Phrótacal Cur Chun Feidhme an 15 Aibreán 2024.

Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 5 bliana ó dháta an chur i bhfeidhm shealadaigh atá leagtha síos in Airteagal 17.

Is é is cuspóir don Phrótacal nua deiseanna iascaireachta a dheonú do shoithí an Aontais sna limistéir iascaireachta in uiscí Cabo Verde, i gcomhréir le comhairle eolaíoch agus moltaí CITAC. Cuspóir eile is ea an comhar idir an tAontas agus Cabo Verde a neartú trí chreat comhpháirtíochta CCI a chur chun feidhme chun beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus acmhainní iascaigh in uiscí Cabo Verde a shaothrú ar bhealach fónta, chun leasa an dá pháirtí.

Leis an bPrótacal nua ceadaítear do shoithí an Aontais iascaireacht a dhéanamh in uiscí Cabo Verde le haghaidh speiceas tuinníní agus déantar foráil maidir leis na deiseanna iascaireachta seo a leanas:

Déantar foráil sa Phrótacal nua maidir leis na deiseanna iascaireachta seo a leanas:

– 24 bhád saighne tuinníní;

– 22 bhád spiléireachta dromchla;

– 10 soitheach cleithe agus dorú,

chomh maith le soithí tacaíochta de réir na rún ábhartha ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú.

Ba cheart an modh le haghaidh leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta ar na Ballstáit a bhunú.

---

[1] tag. 15485/23 + ADD 1, arna fhormheas ag Coreper, Cuid 1, an 15.12.2023; https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16673-2023-INIT/en/pdf

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é príomhaidhm an Phrótacail nua a ghabhann le CCI creat cothrom le dáta a sholáthar lena gcuirtear san áireamh tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) athchóirithe agus a ghné sheachtrach. Cuideoidh sé sin le leanúint den chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Cabo Verde agus í a neartú.

Leis an bPrótacal nua, déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais ina ndírítear ar thuinníní agus ar speicis ghaolmhara in uiscí Cabo Verde. Tá sé bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus ar na moltaí a rinne an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh a bhainistíonn stoic éisc mhórimirceacha. Na bearta bainistíochta a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, tá siad san áireamh freisin sna forálacha ábhartha de CBI is infheidhme maidir le Limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, go háirithe iad siúd sa Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta[2].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is cuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin é caibidliú Prótacail nua a ghabhann le CCI agus cuirtear san áireamh ann, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

Beidh caibidlíocht Prótacail nua a ghabhann le CCI comhleanúnach i gcomhthéacs an chomhair idir na Páirtithe i bhforbairt na hearnála iascaigh agus i dtrádáil a cuid táirgí. Baineann Cabo Verde tairbhe as 'maolú sealadach'[3] ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach le haghaidh méideanna teoranta filléad agus luanta tuinníní ullmhaithe nó leasaithe, agus filléid ronnach agus tuinníní frigéid ullmhaithe nó leasaithe nach de thionscnamh an Aontais iad. Leis an maolú sin, is de thionscnamh 'Cabo Verde' iad na táirgí nach de bhunadh uiscí AE ná de bhunadh Cabo Verde iad ach a phróiseáiltear in Cabo Verde agus is féidir iad a onnmhairiú chuig an Aontas ansin gan dleachtanna custaim agus iad ag teacht isteach i margadh an Aontais (córas GSP +).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús Dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, go nglacfaidh sí bearta maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 3(1)(d) CFAE. Níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta dá bhrí sin.

- **Comhréireacht**

---

[2] IO L 28, 31.1.2023, lgh. 1-219. Féach roinn 3 agus Iarscríbhinn ID.

[3] Rinneadh an maolú 'sealadach' sin a athnuachan go tráthrialta ó bhí 2008 ann – lena n-áirítear tuinníní stánaithe, filléid stánaithe agus luanta stánaithe ó 2017, go dtí go bhforbrófar cbhlach náisiúnta agus go síneofar Comhaontú le Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS), a bhfuil Cabo Verde ina chuid de.

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir maidir le creat rialachais dhlíthiúil, chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh ag soithí an Aontais in uiscí tríú tíortha, mar atá leagtha amach in Airteagal 31 den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Comhlíontar na forálacha sin chomh maith leis na forálacha sin maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2023, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* a shainordú ar an bPrótacal 2019-2024 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (CCI) le Cabo Verde chomh maith le meastóireacht *ex ante* ar an athnuachan a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bPrótacal[4].

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2015-2018 gur chomhlánaigh sé na socruithe rochtana eile a bunaíodh sa réigiún, socruithe lena gceadaítear do shoithí de chuid an Aontais saothrú na stoc imirceach a bharrfheabhsú laistigh de na rialacha réigiúnacha arna leagan síos ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú. Sa mheastóireacht léiríodh go bhfuil leas mór ag earnáil an iascaigh san Aontas sa deis chun a gníomhaíocht a shaothrú in Cabo Verde agus go rachadh caibidlíocht Prótacail nua chun leasa don dá pháirtí. Ina theannta sin, le caibidlíocht Prótacail nua, chabhrófaí le faireachán, rialúchán agus faireachas a neartú agus chuideofaí le rialachas feabhsaithe na n- iascach sa réigiún.

Maidir leis an Aontas Eorpach, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí ionstraim ar bun lena gceadófaí comhar domhain earnála le himreoir mór a bhfuil tionchar mór aige i rialachas aigéan ar an leibhéal fo-réigiúnach mar gheall ar mhéid an limistéir iascaireachta atá faoina dhlínse. I gcás chabhlach an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn sé sin go n-athbhunófar rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta chun straitéisí saothraithe a chur i bhfeidhm faoi chreat dlí idirnáisiúnta ilbhliantúil. Ina theannta sin, mar gheall ar staid fhabhrach Chalafort Mindelo (Ile São Vicente), i limistéar a ndéantar dúshaothrú mór air, d'fhéadfadh sé a bheith ina chalafort tabhairt i dtír tábhachtach, rud a chuirfeadh le hábharthacht an phrótacail nua atá beartaithe, d'earnáil iascaigh an Aontais Eorpaigh agus don tír chomhpháirtíochta araon. I gcás údaráis Cabo Verde is é is aidhm dó leanúint den chaidreamh leis an Aontas Eorpach chun rialachas na n- aigéan a neartú, ag baint tairbhe as tacaíocht earnála thiomnaithe lena gcuirtear deiseanna maoinithe ilbhliantúla ar fáil, agus tionsclú earnáil an athchóirithe a chur ar bun trí bhíthin ghníomhaíocht na soithí, mar chuid d'éagsúlú a gheilleagair.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé tábhachtach ionstraim a choinneáil ar bun lena gceadaítear dlúthchomhar earnála le tír atá ina príomh-chomhpháirtí, ina soláthróir táirgí éisc don Aontas,

[4] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, Defaux, V., Cappell, R., Retrospective and prospective evaluation of the Protocol on the implementation of the Fisheries Partnership Agreement between the European Union and the Republic of Cabo Verde – Final Report [Meastóireacht chúlghabhálach agus ionchasach ar an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde – Tuarascáil Chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2771/814998

le páirtithe leasmhara ar an leibhéal idirnáisiúnta agus a bhfuil meánna iascaireachta aici atá chun leas chabhlach an Aontais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht thuasluaite, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le riarachán iascaigh agus sochaí shibhialta Cabo Verde. Reáchtáladh comhairliúcháin freisin laistigh den Chomhairle Chomhairleach um Iascach Fadraoin. Dealraíonn sé ó na comhairliúcháin sin gur chun leasa an Aontais Eorpaigh agus Cabo Verde é ionstraim a choinneáil ar bun lena gceadaítear comhar domhain earnálach, le deiseanna maoinithe ilbhliantúla do Cabo Verde. I gcás fheistis an Aontais, is chun leas an Aontais é rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta a choimeád trí chomhaontú in earnáil an iascaigh.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31 (10) den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an dréacht-Rialachán ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá an nós imeachta seo á thionscnamh i gcomhthráth leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur chun feidhme sealadach an Phrótacail Cur Chun Feidhme (2024-2029) a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde, agus leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir lena thabhairt i gcrích. Beidh feidhm ag an Rialachán seo a luaithe a bheidh gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh faoin gComhaontú, i.e. ar dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.

2024/0132 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal (2024-2029) ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), arna fhormheas le Rialachán (CE) Uimh. 2027/2006[2] ón gComhairle, i bhfeidhm an 30 Márta 2007. An Prótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú, chuaigh sin in éag an 19 Bealtaine 2024.

(2) An 19 Nollaig 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh[3] lenar údaraíodh don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Cabo Verde chun prótacal nua ('an Prótacal') lena gcuirtear an Comhaontú chun feidhme a thabhairt i gcrích.

(3) Tá Prótacal nua lena gcuirtear an Comhaontú Comhpháirtíochta sin chun feidhme ('an Prótacal') caibidlithe ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais Eorpaigh. Tar éis an chaibidlíocht a bheith tugtha i gcrích, cuireadh inisealacha leis an bprótacal an 15 Aibreán 2024.

(4) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/... ón gComhairle[4], síníodh an Prótacal an [....], faoi réir a thabhairt i gcrích ag dáta níos déanaí.

(5) Na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le stoic éisc mhórimirceacha, arna mbunú i gcomhréir leis na moltaí agus na rúin a ghlac an

---

1 An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (IO L 414, 30.12.2006, lch. 3).

2 Rialachán (CE) Uimh. 2027/2006 ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde a thabhairt i gcrích (IO L 414, 30.12.2006, lch. 1).

3 Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Cabo Verde chun Prótacal a thabhairt i gcrích lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (Tag. 15485/23 + ADD 1, arna fhormheas ag Coreper, Cuid 1, an 15.12.2023). https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16673-2023-INIT/en/pdf

4 Cinneadh (AE) 2024/… ón gComhairle an … 2024 maidir le … (IO C [...], [...], lch. [...]).

Coimisiún Internationale um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, déantar iad a leithdháileadh ar na Ballstáit ar feadh thréimhse iomlán a chur i bhfeidhm.

(6) Tá práinn leis na bearta sin mar gheall ar thábhacht eacnamaíoch ghníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus an gá atá ann an cur isteach ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a laghdú a oiread is féidir. Dá bhrí sin, is ar bhonn sealadach a bheidh feidhm ag an bPrótacal ó dháta a shínithe chun go bhféadfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na deiseanna iascaireachta a bhunaítear faoin bPrótacal a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta), déanfar na deiseanna iascaireachta sin a leithdháileadh ar na Ballstáit mar seo a leanas, ar feadh thréimhse iomlán chur i bhfeidhm an Phrótacail sin.

(a) báid saighne tuinníní

An Spáinn: 14 shoitheach

An Fhrainc: 10 soitheach

Iomlán 24 shoitheach;

(b) soithí tuinníní cleithe agus dorú:

An Spáinn: 6 shoitheach

An Fhrainc: 3 shoitheach

An Phortaingéil: 1 soitheach

Iomlán 10 soitheach;

(c) báid spiléireachta dromchla:

An Spáinn: 17 soitheach

An Phortaingéil: 5 shoitheach

Iomlán 22 shoitheach.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*ba cheart dáta sínithe an phrótacail a chur isteach anseo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*